# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Ekaterina ZAHARIEVA

## Gnólachtaí Nuathionscanta, Taighde agus Nuálaíocht

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí pearsanta agus de do thaithí atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí pearsanta agus de do thaithí atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as?*

Is mór an onóir dom a bheith i m’iarrthóir ar an bpost mar Chomhalta den Choimisiún Eorpach atá faoi stiúir an Uachtaráin von der Leyen. Ag tús mo chonaire gairmiúla, rinne mé obair gan staonadh chun aontachas mo thíre, an Bhulgáir, leis an Aontas Eorpach a bhaint amach. Ó thángamar isteach san Aontas, rinne mé iarracht i gcónaí rannchuidiú ionas go mbeadh teaghlach Eorpach láidir, aontaithe againn agus an t-ionad is dual dúinn againn sa domhan. Ós rud é gur chaith mé cuid de m’óige faoi réimeas ollsmachtach, is rímhaith a thuigim an praghas a bhí le híoc as na luachanna atá mar bhonn taca lenár ndaonlathas Eorpach, agus cosnóidh mé iad i gcónaí.

Ar chríochnú mo chéime sa dlí dom, chaith mé 2 bhliain ag obair mar dhlíodóir sula ndeachaigh mé isteach i riarachán na Bulgáire, áit ar chaith mé beagnach 7 mbliana ag obair mar Chomhairleoir Dlí agus mar Stiúrthóir san Aireacht Comhshaoil agus Uisce. Chuaigh mé leis an bpolaitíocht ansin agus chaith mé 15 mbliana leis sin, mar Leas-Aire Forbartha Réigiúnaí ar dtús agus ansin mar Cheann Comh-Aireachta agus Ard-Rúnaí Uachtarán na Poblachta. I mo cháil mar Leas-Aire Forbartha Réigiúnaí, threoraigh mé an beartas réigiúnach agus an beartas comhtháthaithe freisin.

Ina dhiaidh sin, ceapadh mé i mo Leas-Phríomh-Aire um Beartas Eacnamaíoch agus i m'Aire Forbartha Réigiúnaí agus Oibreacha Poiblí, i m’Aire Dlí agus Cirt, agus, ar deireadh, i mo Leas-Phríomh-Aire um Athchóiriú Breithiúnach agus i m’Aire Gnóthaí Eachtracha na Bulgáire. In 2018, bhí an Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag an mBulgáir, agus i mo cháil mar Aire Gnóthaí Eachtracha rinne mé cathaoirleacht ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta agus ghlac mé páirt i gcruinnithe le Parlaimint na hEorpa. Thug sé sin an deis uathúil dom breathnú ar shainchomhaid thábhachtacha ó pheirspictíocht Eorpach níos leithne agus leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn.

I mo cháil mar Ard-Rúnaí agus mar Aire, cuireadh an fhreagracht pholaitiúil agus bhainistíochta orm as struchtúir mhóra riaracháin. Is mór an cúnamh é sin mar, má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé formhaoirseacht pholaitiúil ar dhá Ard-Stiúrthóireacht mhóra (Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde).

I mo cháil mar Fheisire de Pharlaimint na Bulgáire le déanaí, fuair mé tuiscint dhomhain ar obair pharlaiminteach freisin. Beidh an taithí sin ina cuidiú agam oibriú i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa.

An cúlra leathan sin atá agam – mo thaithí riaracháin agus pholaitiúil ar an leibhéal is airde – tugann sé an-mhuinín dom go mbeidh mé breá inniúil ar na cúraimí a bheidh orm amach anseo mar Choimisinéir Eorpach.

*Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme?*

Cuid chroílárnach de threoirlínte polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen is ea an rathúnas agus an t-iomaíochas inbhuanaithe, sin agus an uaillmhian taighde agus nuálaíocht a chur i gcroílár gheilleagar na hEorpa. Sa tuarascáil ó Mario Draghi le déanaí maidir le hiomaíochas an Aontais, tá anailís an-luachmhar ar na heasnaimh atá ann faoi láthair i dtaca le beartas an Aontais um thaighde agus nuálaíocht chomh maith le moltaí maidir le clár oibre le haghaidh an athchóirithe.

Tá móiminteam láidir ann le haghaidh an bheartais Eorpaigh um thaighde agus nuálaíocht. Tugtar mionsonraí breise sa litir mhisin a cuireadh chugam maidir le gnéithe éagsúla den athchóiriú agus tá sé de rún agam iad uile a chur chun feidhme ina n-iomláine. Ar cheann de na príomhthosaíochtaí tá forbairt an chéad Chláir Réime eile um Thaighde agus Nuálaíocht. Oibreoidh mé chun ár gcaiteachas ar thaighde a mhéadú, i gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla. Cuirfidh mé romham freisin simpliú a dhéanamh, agus an clár réime a dhíriú ar na réimsí is mó tábhacht agus ar na réimsí ag a bhfuil an breisluach Eorpach is airde, agus na moltaí ó thuarascáil Draghi á gcur san áireamh. Táim réidh le ról ríthábhachtach a bheith agam san uaillmhian sin, rud a spreagfaidh dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch an Aontais, ó thaighde bunúsach go dtí an nuálaíocht fheidhmeach. Is gá ról níos tábhachtaí ná riamh a thabhairt don taighde agus don nuálaíocht mar chuid den bhuntáiste iomaíoch atá againn i ngeilleagar domhanda an lae inniu.

*Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí?*

Bheadh príomhshruthú an chomhionannais inscne agus comhtháthú ghné na hinscne maidir leis an nuálaíocht agus an taighde ar phríomhthosaíochtaí mo shainordaithe. Ní hamháin gur riachtanas morálta é sin, ach is gá é a dhéanamh chun leas a bhaint as iomlán na tallainne. I mo cháil mar Aire, ba ghnáthchleachtas agam é, agus tá cruthúnas air sin, arduithe céime a thabhairt do mhná i bpoist arda sna haireachtaí a raibh mé i gceannas orthu.

Beidh mé in ann forbairt a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo, go háirithe tríd an Limistéar Eorpach Taighde agus trí chur chun feidhme na bPleananna um Chomhionannas Inscne faoin gclár Fís Eorpach. Mar sin féin, tá bearna mhór fós idir na hinscní i réimse an taighde agus na nuálaíochta agus i ngnólachtaí nuathionscanta go háirithe. Dá bhrí sin, rannchuideoidh mé leis an Straitéis um Chomhionannas Inscne a bheidh ann tar éis 2025, agus go sonrach le hiarrachtaí chun an foréigean inscnebhunaithe a chomhrac. Oibreoimid chun gnéithe na hinscne a chomhtháthú a thuilleadh i dtionscadail chistithe agus chun faireachán éifeachtach a áirithiú chun an dul chun cinn a rianú, rud a áiritheoidh nach mbeidh aon chúlú ann. Ina theannta sin, thacóinn leis an taighde ar chomhionannas inscne, agus áirím leis sin taighde maidir leis an trasnú idir é agus catagóirí sóisialta eile. Ar deireadh, chinnteoinn freisin go gcuimseofaí gné na hinscne sa Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus úsáid á baint as na hionstraimí uile atá ar fáil chun tacú le nuálaithe ban.

Ina theannta sin, áiritheoidh mé cothromaíocht inscne i m’fhoireann.

*Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

Tá an tacaíocht don óige ar cheann de phríomhghnéithe an bheartais um thaighde agus nuálaíocht agus beidh sí ina tosaíocht thábhachtach agam i mo shainordú, má dheimhnítear m'ainmniúchán. Eagróidh mé Idirphlé Beartais bliantúil leis an Aos Óg, agus eagrófar an chéad cheann sa chéad 100 lá, chun éisteacht le riachtanais na saoránach óg agus le riachtanais taighdeoirí óga go háirithe.

I gcomhthéacs an Limistéir Eorpaigh Taighde, geallaim go neartóidh mé gné na hóige chun feabhas a chur ar shoghluaisteacht, ar fhorbairt ghairmréime, agus ar choinníollacha fostaíochta do thaighdeoirí, go háirithe dóibh siúd atá i dtús a ngairmréime. Beidh an Gníomh um an Limistéar Taighde Eorpach a bheidh ann amach anseo agus Ardán Tallainne an Limistéir Eorpaigh Taighde an-ábhartha sa chomhthéacs sin. Tá sé beartaithe agam freisin leanúint, i gcomhthráth leis sin, de thacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí óga ar fud na hEorpa trí chláir éagsúla. Ar na cláir sin tá gníomhaíochtaí Marie Sklodowska Curie maidir le hoideachas dochtúireachta agus oiliúint iardhochtúireachta, Comórtas an Aontais Eorpaigh d’Eolaithe Óga, agus comórtas TalentOn an Aontais Eorpaigh, ina n-iarrtar ar eolaithe idir 21 agus 35 bliana d’aois smaointe nuálacha a chur i láthair maidir le saincheisteanna criticiúla a bhaineann leis an Aontas.

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, geallaim go leanfaidh mé gan teip, mar a rinne mé riamh, de chomhlíonadh oibleagáidí an Chonartha maidir le neamhspleáchas, trédhearcacht, neamhchlaontacht agus infhaighteacht, mar a shainítear in Airteagal 17(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 245 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Urramóidh mé fuarlitir agus éirim an Chonartha go hiomlán, go háirithe i gcás na hoibleagáide gníomhú ar mhaithe le leas na hEorpa agus gan aon teagasc a ghlacadh ó aon rialtas ná ó aon institiúid, comhlacht, oifig ná eintiteas eile. Urramóidh mé an Cód Iompair do Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach agus na forálacha atá ann maidir le coinbhleacht leasa. Tá mo Dhearbhú Leasanna líonta isteach agus tá teacht ag an bpobal air, agus má bhíonn gá le haon athrú, mar a tharla le linn thréimhse an tsainordaithe roimhe seo, tabharfaidh mé cothrom le dáta é.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis agus doiciméid a sholáthar go tráthúil don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

A bhuí leis an taithí a fuair mé mar Fheisire de Pharlaimint na Bulgáire agus mar Aire, tuigim gur ríthábhachtach an dlúthchomhar idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach. Le linn mo cheithre théarma aireachta as a chéile sa Bhulgáir, choinnigh mé an pharlaimint náisiúnta ar an eolas i gcónaí faoi mo thionscnaimh agus dhearc mé ar a Feisirí mar chomhpháirtithe fíor-riachtanacha i dtaca le beartais a cheapadh. Geallaim go daingean go gcuirfidh mé Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthrialta faoi mo ghníomhaíochtaí agus faoi ghníomhaíochtaí mo ranna.

Oibreoidh mé i gcomhréir leis na treoirphrionsabail a thugann dúinn comhar idirinstitiúideach éifeachtach agus córas cinnteoireachta AE éifeachtúil agus dlisteanach. Ar na treoirphrionsabail sin tá an oscailteacht, an iontaoibh fhrithpháirteach, an éifeachtúlacht, agus malartú tráthrialta faisnéise. Seasaim go hiomlán le Treoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí agus leis na Litreacha Misin, atá i lán-chomhréir leis na prionsabail sin, agus leis an rún atá ann an chomhpháirtíocht speisialta idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a threisiú. Déanfaidh mé mo chroídhícheall na prionsabail sin a chaomhnú, agus lena linn sin urramóidh mé go hiomlán forálacha Chomhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus forálacha an Chreat-Chomhaontaithe.

Geallaim go nglacfaidh mé páirt sna díospóireachtaí iomlánacha, sna cruinnithe coiste agus sna pléití tríthaobhacha ábhartha uile. Áiritheoidh mé go mbeidh Coistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa rannpháirteach in aon mhórfhorbairtí a bheidh faoi mo chúram, agus cinnteoidh mé go gcaithfear, ar bhonn comhionann, leis an bParlaimint agus leis an gComhairle mar chomhreachtóirí. Go sonrach, áiritheoidh mé trédhearcacht iomlán sa sreabhadh tráthrialta faisnéise le cathaoirligh na gcoistí parlaiminteacha ábhartha, déanfaidh mé cumarsáid dhíreach leis na comhaltaí coiste, agus cinnteoidh mé go mbeidh mé ar fáil le haghaidh cruinnithe déthaobhacha. Áiritheoidh mé freisin go bhfreagrófar go tapa agus go cruinn na ceisteanna ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa chuig an gCoimisiún i gcás ceisteanna a bheidh faoi mo chúram. Rachaidh mé i láthair sheisiún iomlánach agus Choistí Pharlaimint na hEorpa aon uair a iarrfar orm ceist a fhreagairt nó aon fhreagairt ar leith a thabhairt.

Mar chuid de ghealltanas an chéad Choláiste eile na Treoirlínte Polaitiúla a chur i gcrích in éineacht le Parlaimint na hEorpa, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an bParlaimint ag gach céim de chíoradh na rún faoi Airteagal 225 CFAE, agus i lánurraim do phrionsabail na comhréireachta, na coimhdeachta agus na reachtóireachta níos fearr.

Ceisteanna ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

*3. Cén fhís atá agat do do shainchúraimí de bhreis ar do litir mhisin agus cén oidhreacht ar mhaith leat a bheith agat? Cad iad na tograí reachtacha agus na tionscnaimh eile a mholfaidh tú do Choláiste na gCoimisinéirí lena nglacadh sna cúig bliana amach romhainn agus go háirithe sa chéad 100 lá? Conas a áiritheoidh tú go neartódh na tograí sin, chomh maith le cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann cheana, an t-iomaíochas Eorpach? An bhfuil sé i gceist agat na tograí reachtacha sin a bhunú ar mheasúnuithe tionchair tiomnaithe?*

Colún de Threoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí is ea an taighde agus an nuálaíocht a chur i gcroílár gheilleagar na hEorpa. Tugadh spreagadh láidir i dtuarascálacha Draghi agus Letta araon chun an taighde, an nuálaíocht agus coinníollacha maoiniúcháin le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta/gnólachtaí atá ag méadú a neartú go mór ar leibhéal an Aontais. Chun cur leis an móiminteam sin, is é an fhís atá agam le haghaidh na sainchúraimí i réimse an taighde agus na nuálaíochta ná na gnéithe taighde agus nuálaíochta a threisiú. Beidh an caiteachas ar thaighde agus nuálaíocht ar cheann de phríomhréimsí an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile agus an chéad Chláir Réime eile chun a áirithiú go gcuirfimid dlús leis an nuálaíocht agus go gcuirfimid feabhas ar ár n-iomaíochas.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, tá sé beartaithe agam cuidiú le fíor-Aontas Taighde agus Nuálaíochta Eorpach a fhorbairt trí bhíthin roinnt tionscnaimh thábhachtacha sna cúig bliana amach romhainn.

I dtaca leis an taighde bunúsach agus feidhmeach, oibreoidh mé chun an Chomhairle Eorpach um Thaighde agus an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach a leathnú sa chéad tréimhse bhuiséadach eile chun díriú níos mó ar thosaíochtaí straitéiseacha, ar thaighde bunúsach ceannródaíoch agus nuálaíocht shuaiteach, agus ar shármhaitheas eolaíochta. Beidh Gníomh nua um an Limistéar Eorpach Taighde i gcroílár mo chuid iarrachtaí chun saorghluaiseacht taighdeoirí, eolais eolaíoch agus teicneolaíochta a chothú. Tabharfaidh sé aghaidh ar ilroinnt an taighde agus déanfaidh sé an Limistéar Eorpach Taighde níos tarraingtí trí bhíthin tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta níos ailínithe. Tacóidh sé leis an sprioc 3 % de OTI a infheistiú sa taighde agus san fhorbairt, cuirfidh sé athchóirithe ar chórais náisiúnta taighde agus nuálaíochta chun cinn, agus feabhsóidh sé comhordú na mBallstát ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, tabharfaidh sé aghaidh ar fhorbairt scileanna agus ar ghairmeacha taighde chun an tallann a mhealladh agus a choinneáil, chomh maith leis an tsaoirse taighde eolaíoch. Ar deireadh, tabharfaidh Straitéis Eorpach um Bonneagair Thaighde aghaidh ar inrochtaineacht, athléimneacht agus slándáil ár mbonneagar chun é a chur ar a gcumas do thaighdeoirí a smaointe a thástáil agus a fhorbairt.

I dtaca leis an nuálaíocht, molfaidh mé Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú agus Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht chun an timpeallacht cheart a chur ar fáil dár ngnólachtaí nuathionscanta chun gur féidir leo fás. Tabharfaidh siad aghaidh ar bhacainní dlíthiúla agus ar an ualach riaracháin a bhuí le stádas dlíthiúil uile-Aontais le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí nuálacha (‘an 28ú córas’). Tá sé beartaithe agam an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach a leathnú chun borradh breise a chur faoin tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú i réimsí straitéiseacha, mar shampla i réimsí chandaim, na hintleachta saorga, na bith-theicneolaíochta, na n-ardábhar agus an spáis. Bainfidh sé sin tairbhe as comhinfheistíocht phríobháideach freisin. Le Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, déantar méideanna substaintiúla infheistíochta caipitil fiontair phríobháidigh a ghiaráil cheana féin. Mar sin féin, i gcomhréir le conclúidí thuarascáil Draghi, is gá tuilleadh a dhéanamh chun maoiniú na nuálaíochta ag a bhfuil ardacmhainneacht fáis agus infheistíocht phríobháideach sa taighde agus sa nuálaíocht a spreagadh. Beidh ról lárnach ag an Líonra Infheisteoirí Iontaofa i dtaca lenár n-éiceachóras infheisteoirí caipitil fiontair a fhorbairt agus i dtaca le hinfheisteoirí príobháideacha a shlógadh chun comhinfheistíocht a dhéanamh agus chun cuidiú lenár gcuideachtaí is fearr agus is éirimiúla iad féin a mhéadú. Cruthófar Tascfhórsa um Ghnólachtaí Nuathionscanta laistigh den Choimisiún sna chéad mhíonna de thréimhse mo shainordaithe chun iarrachtaí sa réimse sin a chomhordú. Sa chéad leath de 2025 eagróidh mé fóram nua Eorpach um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá ag Méadú chun ról a thabhairt do pháirtithe leasmhara seachtracha agus do bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta.

Cuirfidh mé obair chun cinn chun taighde, nuálaíocht thionsclaíoch agus infheistíocht a ailíniú chun freastal ar éilimh theicneolaíocha agus chun spleáchais straitéiseacha a laghdú. Cuirfidh mé Straitéis chun cinn chun glacadh na hintleachta saorga san eolaíocht a mhéadú agus a threorú. Chun tacaíocht bhreise a thabhairt d’aistriú glas agus digiteach níos tapúla, rachaidh mé i dteagmháil freisin leis na gníomhaithe ábhartha chun Straitéis um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa a fhorbairt, straitéis ina gcumhdófar an bhith-theicneolaíocht freisin. Molfaidh mé gníomhaíochtaí spriocdhírithe le haghaidh earnálacha criticiúla freisin agus soláthróidh mé Gníomh um Ardábhair, lena dtacófar le monarú agus le húsáid ardábhar san Eoraip. Molfaidh mé plean gníomhaíochta freisin chun mná a chur chun cinn sa chóras taighde, nuálaíochta agus gnólachtaí nuathionscanta/gnólachtaí atá ag méadú.

Chun a áirithiú go neartóidh na tionscnaimh sin iomaíochas an Aontais, bunóidh mé an méid sin ar an anailís i dtaurascáil Draghi. Cuirfidh mé romham aghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta a cuireadh i dtábhacht inti, bearna arb é atá inti os cionn 120 billiún euro in aghaidh na bliana. Tacóidh mé leis an sprioc 3 % de OTI a infheistiú sa taighde agus san fhorbairt trí chaipiteal príobháideach a shlógadh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin comhpháirtíochtaí Eorpacha. Oibreoidh mé ar mhodhanna faireacháin, treoraíochta agus comhordúcháin níos fearr chun buiséid agus athchóirithe láidre náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta a chinntiú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an Seimeastar Eorpach. D'fhéadfaí é sin a threisiú tríd an nGníomh um an Limistéar Eorpach Taighde. Ar deireadh, díreoidh mé ar thráchtálú, ar úsáid agus ar chur chun cinn luachshocrú an eolais agus an chomhair idir an tionscal agus an saol acadúil.

Agus mo chuid oibre á cur chun feidhme agam, glacfaidh mé cur chuige ceaptha beartas a bheidh cuimsitheach agus bunaithe ar fhianaise. Na tograí a chuirfidh mé chun cinn, leanfaidh siad na caighdeáin is infheidhme maidir le rialáil níos fearr. Ina theannta sin, eagróidh mé Idirphlé Beartais leis an Aos Óg sa chéad 100 lá de thréimhse mo shainordaithe.

*4. Cad atá beartaithe agat don Limistéar Eorpach Taighde, don Chomhairle Eorpach um Thaighde, don Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE), don Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus don Chomhairle Eorpach um Thaighde maidir leis an Intleacht Shaorga agus cén bhaint a bheadh acu leis an Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tá sé de rún agam beart a dhéanamh maidir le hilroinnt an Limistéir Eorpaigh Taighde. D'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le ceithre bliana anuas, is gá i bhfad níos mó a dhéanamh chun fíor-Aontas Taighde agus Nuálaíochta Eorpach a chruthú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé aghaidh ar na hinfheistíochtaí ró-íseal sa taighde agus san fhorbairt, infheistíocht atá i bhfad faoi bhun na sprice infheistíochta 3 % de OTI, agus ar chomhordú neamhleor chórais Taighde agus Nuálaíochta na mBallstát. Tá sé beartaithe agam é sin a dhéanamh tríd an nGníomh um an Limistéar Eorpach Taighde, gníomh ina molfar íoschaighdeáin chun feabhas a chur ar ghairmeacha taighde agus ar dhálaí oibre. Áiritheoidh sé soghluaisteacht daoine tréitheacha laistigh den Eoraip le comhionannas deiseanna d'fhir agus do mhná agus cothóidh sé cleachtais eolaíochta oscailte. I gcomhréir leis an rún ó Pharlaimint na hEorpa i mí Eanáir 2024, beidh an tsaoirse taighde eolaíoch ina gné lárnach den Ghníomh um an Limistéar Eorpach Taighde.

I dtaca leis an Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht, ionstraim a bheidh comhlántach leis an nGníomh um an Limistéar Eorpach Taighde, tacóidh sí leis an simpliú a dhéanfar ar ár gcreata rialála, cuirfidh sí dlús le húsáid na nuálaíochta, éascóidh sí an rochtain ar chaipiteal fiontair agus tacóidh sí le tástáil i dtaca le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, tástálacha amhail 'boscaí gainimh', mar shampla. Tacóidh sé leis na daoine uile sin atá réidh chun bheith ina bhfiontraithe agus chun fás san Eoraip, gan beann ar a n-earnálacha oibríochtaí nó ar na teicneolaíochtaí atá mar bhonn taca leo, agus tabharfar aird ar leith ar chás na mban freisin. In éineacht le forbairt an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta ina gcuimsítear Aontas na Margaí Caipitil chomh maith leis an Aontas Baincéireachta, bheadh an Gníomh seo ina chéim cheannródaíoch don Eoraip, rud a chabhródh lenár nuálaíochtaí an margadh a bhaint amach ar mhórscála agus a thabharfadh luach don gheilleagar agus don tsochaí araon. Cuirfidh sé úsáid uirlisí nuálacha chun cinn freisin, uirlisí amhail soláthar nuálaíochta. Forbrófar é i sineirge leis an 28ú córas de stádas dlíthiúil uile-Aontais le haghaidh cuideachtaí nuálacha.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé beartaithe agam leathnú a dhéanamh ar an gComhairle Eorpach um Thaighde agus ar an gComhairle Nuálaíochta Eorpach, arae, tá cruthaithe go ngabhann breisluach leo. A bhuí lena neamhspleáchas, neamhspleáchas a gheallaim a chosaint, cothaíonn an Chomhairle Eorpach um Thaighde taighde bunúsach agus taighde ceannródaíoch atá bunaithe ar bharrfheabhas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is práinní atá roimh an gcine daonna. I gcomhthráth le borradh a chur faoinár mbonn eolaíoch, is gá an nuálaíocht shuaiteach a neartú agus a leathnú. Is é Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí an t-infheisteoir gnólachta nuathionscanta domhainteicneolaíochta is gníomhaí san Eoraip cheana féin, agus os cionn ceithre euro in aghaidh gach euro a infheistítear á ngiaráil aige. Is gá níos mó a dhéanamh, áfach: Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé béim níos láidre ar infheistíochtaí ardriosca, ó thaighde luathchéime go dtí taisealbhadh agus cur in úsáid sa mhargadh, agus mar chuid de sin leagfar béim ar phríomhtheicneolaíochtaí straitéiseacha le haghaidh iomaíochas an Aontais. Beidh maoiniú agus tacaíocht níos fearr d'infheistíochtaí méadúcháin ar cheann de na gnéithe ar a ndíreoidh an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach athchóirithe go háirithe. Breathnóidh mé ar na féidearthachtaí i dtaca le comhar níos déine agus níos straitéisí leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus áiritheoidh mé go n-uasmhéadóimid na sineirgí idir ár n-ionstraimí faoi seach.

I dtaca leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, in éineacht lena Pobail Eolais agus Nuálaíochta, mar a dtugtar le chéile ollscoileanna, institiúidí taighde agus comhpháirtithe tionscail, tá sí ar cheann

d'ionstraimí nuálaíochta an chláir Fís Eorpach. Ar bhonn thriantán an eolais, cuirtear san áireamh inti an t-oideachas agus an oiliúint sa phíblíne nuálaíochta lena n-áirithítear go mbainfidh mic léinn a bhfuil meon fiontraíochta acu, taighdeoirí agus nuálaithe margadh an tsaothair amach agus go ndéanfar an lucht saothair atá ann faoi láthair a uas-sciliú agus a athsciliú de réir riachtanais an tionscail sna hearnálacha tosaíochta. Bhí ról lárnach aici freisin i gcur chun feidhme roinnt de na hacadaimh scileanna, lena n-áirítear na hacadaimh sin a bunaíodh leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé iniúchadh ar bhealaí chun misean na hInstitiúide a chuíchóiriú a thuilleadh, feabhas a chur ar na sineirgí leis na hionstraimí nuálaíochta eile, trédhearcacht a threisiú agus béim na hInstitiúide ar chothú na ndaoine tréitheacha atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairt scileanna fiontraíochta a leathnú. D'fhéadfadh sineirgí le tionscnaimh amhail an chéim Eorpach earnálach a bheith mar thoradh ar a cuid oibre maidir le forbairt scileanna, rud a chuirfeadh borradh faoi fhorbairt agus aitheantas clár trasnáisiúnta, agus rachadh sé chun tairbhe do thaighdeoirí atá ag obair san ardoideachas freisin. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun cur chuige comhleanúnach a fhorbairt idir sruthanna oibre éagsúla faoi chreat straitéiseach Aontas na Scileanna.

De réir thuarascáil Draghi, beidh cur chun cinn na hIntleachta Saorga ar gach leibhéal ar cheann de phríomhghnéithe chláir oibre an Aontais maidir leis an iomaíochas sna blianta amach romhainn agus táim tiomanta rannchuidiú go mór leis an obair sin. I ndáil leis an gComhairle Eorpach nua um Thaighde ar an Intleacht Shaorga, mar a luadh sa litir mhisin a cuireadh chugam, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas agus le Coimisinéirí eile. Beidh sé sin ina phríomhghné cur chun feidhme dár Straitéis chun glacadh na hintleachta saorga san eolaíocht a threorú agus forbairt scileanna a chothú, i gcomhlántacht le pacáiste nuálaíochta na hintleachta saorga agus leis an Oifig um Intleacht Shaorga. Trí acmhainní a chomhthiomsú agus trí chomhar poiblí-príobháideach a dhreasú, forbróidh an Chomhairle Eorpach um Thaighde ar an Intleacht Shaorga an mhais chriticiúil is gá chun ár mbuntáiste eolaíoch a chaomhnú i ré na hintleachta saorga. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach um Thaighde agus an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, i gcomhthráth leis sin, de thacaíocht a thabhairt do thaighde ceannródaíoch agus do nuálaíochtaí ceannródaíocha i réimse na hintleachta saorga agus do nuálaíochtaí trí bhíthin na hintleachta saorga i gcoitinne, agus cuirfear san áireamh a rannchuidiú go hiomlán i bhforbairt na Comhairle Eorpaí um Thaighde ar an Intleacht Shaorga. Beidh comhairliúchán fairsing leis na páirtithe leasmhara ina bhonn eolais d'fhorbairt na Comhairle Eorpaí um Thaighde ar an Intleacht Shaorga.

*5. Cad é, dar leat, príomhchuspóir chreatchláir an Aontais um thaighde agus um nuálaíocht agus breisluach chistiú an Aontais? Conas a rachaidh tú i ngleic leis an ngá leanúnach atá ann an clár a shimpliú? An dtabharfaidh tú tacaíocht do mhéadú suntasach ar bhuiséad an chláir Fís Eorpach agus ar an gclár a thiocfaidh ina dhiaidh? Conas a chosnóidh tú go ginearálta buiséad an Aontais atá tiomnaithe do bheartais T&N? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat rannpháirtíocht FBManna sa chlár a mhéadú agus borradh a chur faoi chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha?*

Le 40 bliain anuas, bhí cláir réime an Aontais um thaighde agus nuálaíocht, mar a leabaítear sna Conarthaí, ríthábhachtach maidir le dul chun cinn an Aontais san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht. Leis an gClár Réime, téitear i ngleic le dúshláin dhomhanda, idir dhúshláin aeráide, dhúshláin sláinte agus eile, agus cuirtear borradh faoi iomaíochas an Aontais trí bhíthin taighde agus nuálaíocht cheannródaíoch.

Is féidir bonn eolaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa a neartú trí bhorradh a chur faoin mbarrfheabhas eolaíochta, faoin gcomhar trasteorann, faoin nuálaíocht, agus faoinár n-éiceachóras dinimiciúil taighdeoirí, nuálaithe agus tionscal. Tá cur chuige cothrom sa chomhar idirnáisiúnta ina chuid ríthábhachtach dár mbeartas, agus caithfidh sé leanúint de bheith amhlaidh, arae nascann sé éiceachórais taighde agus nuálaíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus saothraítear leis cómhalartacht, cothroime iomaíochta domhanda, agus uathriail straitéiseach agus slándáil eacnamaíoch na hEorpa.

Baineann breisluach an chistithe ón Aontas leis an gcumas atá aige an comhar a chumasú ar mhórscála agus deiseanna a chruthú nach bhféadfadh na Ballstáit a bhaint amach ina n-aonar. Baineann sé leas as neart comhchoiteann ár mBallstát, rud a chothaíonn comhar thar theorainneacha agus earnálacha. Le cistiú ón Aontas, is féidir cuidiú chun teipeanna margaidh a shárú, go háirithe i dteicneolaíochtaí suaiteacha ardriosca, dúbailtí a laghdú, agus caighdeáin aontaithe a bhunú. Éascaíonn sé an rochtain ar bhonneagar agus cuireann sé feabhas ar an tsoghluaisteacht. I dtaca le torthaí an chláir Fís 2020, is fianaise iad ar na tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha a bhaineann le cistiú ón Aontas: gach euro a infheistítear, meastar go nginfidh sé idir 5 euro agus 11 euro i dtairbhí faoi 2040.

Tá dearadh an chreata airgeadais ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo agus na n-ionstraimí a ghabhann leis fós le déanamh againn. I gcomhar leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí, ní mór dúinn machnamh a dhéanamh ar dtús ar "cad ba mhaith linn a mhaoiniú" agus, ansin, ar "conas" is féidir linn ár gcuspóirí a bhaint amach ar an mbealach is fearr agus torthaí a uasmhéadú ar an láthair, agus forbairt á déanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh le Fís Eorpach. Bainfidh an 10ú clár réime nua neartaithe tairbhe as torthaí na meastóireachtaí a rinneadh le déanaí, mar shampla torthaí ar an tuarascáil ón ngrúpa ardleibhéil ("Ailínigh, gníomhaigh, luasghéaraigh") agus na moltaí i dtuarascáil Draghi. Má chuireann sibh bhur muinín ionam, is mian liom a áirithiú go mbeidh rochtain níos simplí agus níos tapúla ar chistiú taighde AE, gur mó an tionchar a bheidh ag cistiú agus ailíniú le tosaíochtaí beartais an Aontais, agus go mbeidh ualach tuairiscithe níos lú ar thionscnóirí tionscadail. Le rialacha níos simplí agus níos soiléire, méadófar an tionchar a bheidh aige agus meallfar tuilleadh rannpháirtithe nua ó réimsí éagsúla agus ó ghnólachtaí ar mhéideanna éagsúla, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú. Ní mór dúinn feabhas a chur ar úsáid na n-uirlisí digiteacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga, chun eolas agus tacaíocht níos fearr a thabhairt do rannpháirtithe agus chun cur leis an úsáid a bhaintear as foirmeacha cistiúcháin simplithe amhail cnapshuimeanna agus costais aonaid pearsanra. Féachfaidh mé freisin leis an ualach riaracháin a laghdú, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe iomarcacha.

Mar a mhol an tUachtarán toghaí ina Treoirlínte Polaitiúla, seasaim go daingean leis an taighde agus an nuálaíocht, leis an eolaíocht agus leis an teicneolaíocht a chur i gcroílár ár ngeilleagair, trí bhíthin méadú ar an gcaiteachas ar thaighde chun díriú níos mó ar thosaíochtaí straitéiseacha, ar thaighde bunúsach ceannródaíoch agus nuálaíocht shuaiteach, agus ar shármhaitheas eolaíochta sa chéad Chlár Réime eile. Geallaim go n-oibreoidh mé i dtreo beartas taighde agus nuálaíochta lena spreagfar iomaíochas na hEorpa. Rinneadh moltaí an-tábhachtach i dtuarascáil Draghi i ndáil leis sin, agus cuireadh i dtábhacht go láidir inti a thábhachtaí atá infheistíochtaí an lae inniu le haghaidh ár n-iomaíochais sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Oibreoidh mé freisin chun córais taighde agus nuálaíochta agus maoiniú le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú i ngach Ballstát agus réigiún a neartú i gcomhar leo.

I dtaca le baint amach na sprice atá againn 3 % de OTI a infheistiú sa taighde agus san fhorbairt, is freagracht chomhroinnte é idir an tAontas agus na Ballstáit. Tacóidh mé le comhordú níos láidre idir infheistíochtaí an Aontais, infheistíochtaí náisiúnta agus infheistíochtaí réigiúnacha chun an tionchar a uasmhéadú chun fíor-Aontas Taighde agus Nuálaíochta Eorpach a bhaint amach. Chun forbairt a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón gComhairle Nuálaíochta Eorpach agus ó InvestEU, úsáidfimid cumhacht ár mbuiséid chun infheistíocht phríobháideach a ghiaráil agus a dhí-rioscú inár spriocanna coiteanna.

Ar deireadh, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun rannpháirtíocht FBManna a mhéadú agus chun borradh a chur faoi chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha. Is iad na FBManna is mó a spreagann an fás agus an nuálaíocht. Leis an Ionstraim Eorpach nua um Nuálaíocht, cothófar timpeallacht atá fabhrach don nuálaíocht agus do FBManna, cuirfear deireadh le bacainní dlíthiúla, agus déanfar dálaí rialála a ailíniú ó Bhallstát go chéile. Déanfaidh mé cuíchóiriú ar an rochtain le haghaidh cuideachtaí luathchéime agus meallfaidh mé rannpháirtithe nua trí shimpliú a dhéanamh agus trí bhíthin tacaíocht shaincheaptha, agus ar an gcaoi sin déanfar iad a chomhtháthú i líonraí gnó agus feabhas á chur ar a n-acmhainneachtaí teicneolaíochta. Déanfaidh mé iniúchadh breise ar acmhainneacht na gComhpháirtíochtaí Eorpacha, lena n-áirítear Gnóthais Chomhpháirteacha, chun infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a ghiaráil. Beidh mo chur chuige ag teacht leis na tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus cuirfidh sé sineirgí chun cinn le hionstraimí agus le cláir chistiúcháin eile, amhail Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne agus Cistí Comhtháthaithe.

Tá tacaíocht Pharlaimint na hEorpa do na cúraimí sin uile ríthábhachtach agus tá sé de rún agam oibriú i ndlúthchomhar libh.

*6. Cad iad na bearta nithiúla a mheasann tú a bheith riachtanach don straitéis fhadtéarmach chun borradh a chur faoin mBonneagar Taighde Eorpach, lena n-áirítear bonneagair theicneolaíochta? I do thuairim, cén ról atá ag éiceachórais taighde agus nuálaíochta? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat dul i ngleic leis an deighilt nuálaíochta agus taighde san Aontas? Cad iad na gníomhaíochtaí um fhairsingiú atá beartaithe agat i ndáil leis sin? Conas a rachaidh tú i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair i réimsí ETIM, lena n-áirítear rannpháirtíocht íseal na mban? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat taighde agus saoirse acadúil a chur chun cinn? Conas a rannchuideoidh tú le Bauhaus Eorpach Nua a fhorbairt tuilleadh?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé Straitéis Eorpach um Bonneagair Thaighde i láthair chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag taighdeoirí agus nuálaithe Eorpacha ar shaoráidí agus ar sheirbhísí den chéad scoth agus go

mbainfidh siad leas iomlán astu, agus lena linn sin leagfar béim ar an tionscal, ar FBManna agus ar ghnólachtaí nuathionscanta.

Éiceachórais taighde agus nuálaíochta a bheith láidir agus nasctha, sin rud atá ríthábhachtach le haghaidh Eoraip iomaíoch, inbhuanaithe agus athléimneach. San Aontas Eorpach, tá na héiceachórais sin bunaithe ar ár mbonn taighde láidir, rud a fhágann go bhfuilimid sa dara háit ar domhan maidir le haschur eolaíoch. Mar sin féin, tá geilleagair shárfhorbartha eile ag fás níos tapúla i réimsí áirithe ná mar atá ár ngeilleagar féin. Tá ilroinnt ár n-éiceachóras taighde agus nuálaíochta freagrach go páirteach as sin, agus tá difríochtaí follasacha feidhmíochta idir tíortha agus réigiúin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, neartóidh mé éiceachóras nuálaíochta na hEorpa trí mhaoiniú agus uirlisí rialála a thacóidh le nuálaithe suaiteacha, gnólachtaí nuathionscanta, agus gnólachtaí atá ag méadú. I ndáil leis sin, beidh sé ríthábhachtach forbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Chláir Oibre Eorpaigh Nua um Nuálaíocht, na Straitéise AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú agus na hIonstraime Eorpaí um Nuálaíocht.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is cinnte go dtabharfaidh mé aghaidh ar an deighilt taighde agus nuálaíochta chun acmhainneacht na hEorpa a uasmhéadú, cibé áit as a dtagann sí. Tá gníomhaíochtaí um fhairsingiú ag obair cheana i ndáil leis sin, agus tá rátaí rathúlachta méadaithe ann i gcás na dtairbhithe ó thíortha a thagann faoin bhfairsingiú sa chlár Fís Eorpach i gcomparáid le Fís 2020. Rannchuidíonn an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht dul i ngleic leis an deighilt nuálaíochta san Aontas, go háirithe trína cur chuige áitbhunaithe mar an t-éiceachóras nuálaíochta is mó san Eoraip a bhfuil láithreacht ar an láthair aige i mBallstáit an Aontais agus níos faide i gcéin, agus trí Scéim Nuálaíochta Réigiúnach na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht. Beidh ardmheas agam ar thuairimí Pharlaimint na hEorpa maidir le haghaidh a thabhairt ar an deighilt taighde agus nuálaíochta agus rachaidh mé i gcomhairle go cuí leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara.

Tá ganntanas mór céimithe san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (réimsí ETIM) i roinnt mhaith tíortha Eorpacha, agus tá an t-éileamh ar na gairmithe sin ag méadú ar fud na dtionscal. Tá an ganntanas sin ina bhagairt thromchúiseach ar iomaíochas na hEorpa in earnálacha straitéiseacha amhail an fuinneamh in-athnuaite agus an ardmhonaraíocht. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé le mic léinn a bhainfidh céim amach ó chláir ETIM chun taithí phraiticiúil bhreise a fháil ar thaighde, ar réiteach fadhbanna, agus ar fhíorfheidhmeanna. Cuideoidh sé sin an bhearna idir eolas acadúil agus riachtanais tionscail a líonadh, agus aistriú na gcéimithe isteach sa lucht saothair a éascú. Tacóidh mé go láidir le tionscnaimh chun sciar na mban a bhaineann céim amach i réimsí ETIM a mhéadú mar chuid de mo phlean gníomhaíochta um mná sa taighde, sa nuálaíocht agus i ngnólachtaí nuathionscanta/gnólachtaí atá ag méadú.

Geallaim go daingean go leanfaidh mé den tsaoirse taighde eolaíoch a chaomhnú. Tá sé sin ina chuid lárnach den tsaoirse acadúil mar a leagtar amach in Airteagal 13 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Tacaím leis an rún tráthúil ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cosaint na saoirse taighde eolaíoch i mí Eanáir 2024, inar iarradh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh chun an tsaoirse taighde eolaíoch a chosaint agus a chur chun cinn, agus geallaim go dtabharfaidh mé aghaidh air mar chuid den Ghníomh um an Limistéar Eorpach Taighde. Leis sin, *inter alia*, déanfar forbairt ar obair Pharlaimint na hEorpa.

I gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch agus í ag féachaint leis an Bauhaus Eorpach Nua a fhorbairt a thuilleadh. Cuirfidh mé i láthair rannchuidiú an taighde agus na nuálaíochta lena fhorbairt agus lena chur chun feidhme, ó thaighde bunúsach go dtí tástáil agus taisealbhadh. Le taighde agus nuálaíocht, is féidir tacú leis an Bauhaus Eorpach Nua chun comharsanachtaí na hEorpa a athbheochan trí bhíthin dearadh nuálach, cuimsitheach agus inbhuanaithe.

*7. Cén fhís atá agat do straitéis AE um ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú agus cad iad na bearta a mholfaidh tú chun forbairt na ngnólachtaí sin a spreagadh? Cad iad na tionscnaimh a dhéanfaidh tú chun dlús a chur leis an nuálaíocht san Aontas? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat na naisc idir beartais taighde, nuálaíochta, thionsclaíocha agus chomhtháthaithe a neartú? Cad iad na bearta nithiúla ba cheart a áireamh sa Ghníomh um Ardábhair, dar leat?*

Is é an fhís uileghabhálach atá agam le haghaidh na Straitéise AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú timpeallacht a bheidh fabhrach don nuálaíocht a chothú, timpeallacht a fhágfaidh gur simplí agus gur tapúla a bheidh sé do chuideachtaí nuálacha Eorpacha fás agus méadú sa mhargadh aonair.

Deacrachtaí maidir le rochtain ar chaipiteal agus ilroinnt na margaí agus ilroinnt rialála, sin iad na príomhdhúshláin a chuireann isteach ar fhorbairt ár n-éiceachórais Eorpaigh le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, rud a

chruthaíonn constaicí riaracháin. Is é an toradh a bhíonn air sin go n-imíonn daoine éirimiúla agus go gcinneann na cuideachtaí is rathúla an tAontas a fhágáil. Ní mór dúinn é a chur ar a gcumas do na gnólachtaí nuathionscanta agus do na gnólachtaí atá ag méadú san Eoraip fás, rath a bheith orthu san Eoraip, agus dul san iomaíocht ar fud an domhain.

Ar na dúshláin is criticiúla atá roimh ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú san Eoraip tá fáil na rochtana ar chaipiteal, go háirithe i gcás na bhfiontar suaiteach agus ardriosca. Chuimseofaí bearta sa straitéis chun an rochtain ar chaipiteal fiontair a leathnú agus feabhas a chur ar chistiú trí leathnú na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí. Déanfaidh mé idirchaidreamh leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta atá i gceannas ar fhorbairt an 28ú córas chun cuidiú le cuideachtaí nuálacha fás agus tairbhe a bhaint as tacar rialacha comhchuibhithe simplithe ar fud an Aontais. Ina theannta sin, oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta chun feabhas a chur ar an rochtain ar fhoinsí cistiúcháin éagsúla trí Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a fhorbairt ina gcuimsítear Aontas na Margaí Caipitil chomh maith leis an Aontas Baincéireachta.

Chun cuidiú le gnólachtaí nuathionscanta méadú a dhéanamh, ba cheart gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar an rochtain ar mhargaí a chuimsiú sa straitéis freisin. Bheadh sé d’aidhm ag an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Soláthar Poiblí atá ar na bacáin, agus a fógraíodh sna Treoirlínte Polaitiúla, na rialacha soláthair phoiblí atá againn a nuachóiriú agus a shimpliú, agus aird á tabhairt ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar nuálaithe an Aontais go háirithe.

Chun go mbeadh rath ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú, tá sé fíor-riachtanach éiceachórais láidre a bheith ann. Leis an straitéis, thacófaí le gníomhaíochtaí chun an comhar idir ollscoileanna, institiúidí taighde, tionscail agus gnólachtaí nuathionscanta a chothú. Teastaíonn bonneagar teicneolaíochta ó ghnólachtaí nuathionscanta freisin, mar shampla bonneagar digiteach, chun nuáil agus fás a dhéanamh, agus ba cheart dul i ngleic leis sin freisin.

Ar deireadh, cuirfear gníomhaíochtaí coincréiteacha chun cinn chun daoine tréitheacha a mhealladh agus a choinneáil, agus ar an gcaoi sin déanfar forbairt ar thionscnaimh atá ann cheana, agus bearnaí scileanna a d’fhéadfadh a bheith ann á sainaithint agus á ndúnadh san am céanna, agus tabharfar aghaidh ar an mbearna idir na hinscní sa chóras taighde agus nuálaíochta agus sa chóras nuathionscanta/gnólachtaí atá ag méadú.

Is léir gur ghá an straitéis a bheith ag teacht le cur chuige ‘uile-rialtais’ agus dlúthchomhar leis na Ballstáit, agus, mar chuid de sin, go sainaithneofaí luamháin ar fud réimsí beartais a d’fhágfadh go mbeadh rath níos fearr ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú san Aontas. Faoi mo cheannaireacht, má dheimhnítear m’ainmniúchán, rachfar i ngleic leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa straitéis agus déanfar bearta nithiúla díobh, lena n-áirítear tograí reachtacha, tríd an Ionstraim Eorpach nua um Nuálaíocht.

Ba cheart tús a chur leis an obair ar an straitéis AE um ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú le hanailís chuimsitheach bunaithe ar thuarascáil Draghi. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, seolfaidh mé glao ar fhianaise agus comhairliúchán spriocdhírithe le páirtithe leasmhara.

Sa phróiseas sin, táim lántiomanta dul i dteagmháil le Parlaimint na hEorpa agus comhairliúcháin leathana a dhéanamh le páirtithe leasmhara sna héiceachórais taighde agus nuálaíochta.

Tá sé ríthábhachtach na naisc idir beartais taighde, nuálaíochta, thionsclaíocha agus chomhtháthaithe a neartú ionas go mbeidh cur chuige comhleanúnach ann chun taighde agus nuálaíocht a chur i gcroílár ár ngeilleagair. Áiritheoidh mé go n-oibreoidh mo shainchúraimí i sioncrónú le beartas tionsclaíoch agus comhtháthaithe an Aontais agus go rachfar i gcomhpháirt fhóinteach leis an gColáiste. I gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, rannchuideoidh mé le tionscnaimh amhail an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus an Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch, rud a thabharfaidh gné fhíor-riachtanach taighde agus nuálaíochta isteach. Maidir le sineirgí idir cláir chistiúcháin an Aontais, díreoidh mé, in éineacht leis na Coimisinéirí eile, ar rialacha a chomhchuibhiú, ar dhúbailt a sheachaint, agus ar thionchar infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta na mBallstát a uasmhéadú. Is é a chuirfidh mé i dtábhacht faoin mbuiséad atá ann faoi láthair a áirithiú go ndéanfar torthaí taighde arna gcistiú ag ár gCláir Réime a úsáid agus a mhéadú trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, tríd an gCiste don Nuálaíocht, trí InvestEU, agus tríd an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, lena slógtar cistiú ar fud 11 chlár de chuid an Aontais chun teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus a mhonarú.

Tá na hardábhair ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé romham creat a bhunú chun an rochtain ar ardábhair agus táirgeadh na n-ardábhar san Eoraip a fheabhsú tríd an nGníomh um Ardábhair. Leis an nGníomh sin, ailíneofar iarrachtaí taighde, tionscail agus infheistíochta chun freastal ar ár riachtanais theicneolaíocha, agus spleáchais straitéiseacha á laghdú san am céanna. Trí oibriú le taighde agus tionscal, agus leis an gcuid eile den Choláiste, sainaithneoidh mé cé na bearnaí agus na riachtanais tosaíochta atá ann le haghaidh ardábhar, go háirithe le haghaidh teicneolaíochtaí glana agus an gheilleagair chiorclaigh. Leis an nGníomh, cuirfear infheistíochtaí príobháideacha, soláthar poiblí agus Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne chun cinn, agus forbrófar bonneagar digiteach ríthábhachtach.

Ceist ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

*8. Cad é an t-idirghníomhú idir Limistéar Eorpach an Oideachais, Limistéar Eorpach an Ardoideachais agus an Limistéar Eorpach Taighde, dar leat? I do thuairim, cad iad na sineirgí idir na cláir chistiúcháin sna réimsí éagsúla sin agus an tacaíocht ón Aontas don chéad ghlúin eile taighdeoirí, agus an comhar idir eintitis acadúla, phríobháideacha agus phoiblí agus dul chun cinn thionscnamh na 'gComhghuaillíochtaí Ollscoile Eorpacha' á gcur san áireamh? Nasctha leis an méid thuas, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat Limistéar Eorpach an Ardoideachais a dhéanamh níos inrochtana agus níos cuimsithí do chách, agus feabhas a chur ag an am céanna ar an gcomhar agus ar an malartú le hollscoileanna ar fud an domhain?*

Is gníomhaithe bunúsacha sa taighde agus sa nuálaíocht san Eoraip iad na hInstitiúidí Ardoideachais, agus, dá réir sin, is cuid lárnach den Limistéar Eorpach Taighde iad. Trí shnaidhmiú éifeachtach idir an Limistéar Eorpach Oideachais, Limistéar Eorpach an Ardoideachais agus an Limistéar Eorpach Taighde, gheofar túsphointe le haghaidh uaillmhian na hEorpa a bheith ar thús cadhnaíochta sa gheilleagar domhanda eolasbhunaithe an-iomaíoch. Táim tiomanta sineirgí breise a chruthú idir an t-oideachas, an taighde agus an nuálaíocht, agus rannchuidiú le cur chun feidhme comhuaineach bheartais an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus an Limistéir Eorpaigh Taighde. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun an cuspóir sin a chur chun cinn.

Leis an Limistéar Eorpach Oideachais, forbraítear creat ina bhfuil rochtain ag cách ar oideachas ar ardchaighdeán, lena dtacaítear leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, leis an tsoghluaisteacht gan uaim agus leis an gcomhar trasnáisiúnta. Déanann sé forbairt ar Phróiseas Bologna, próiseas atá idir-rialtasach agus níos mó, agus ar an gcaoi sin cothaítear tuilleadh comhleanúnachais san ardoideachas Eorpach. Tá timpeallacht gan uaim á héascú ag an Limistéar Eorpach Taighde le haghaidh barrfheabhas sa taighde agus sa nuálaíocht.

Sa limistéar Eorpach oideachais agus sa limistéar Eorpach taighde araon, cothaítear tuilleadh comhair idir institiúidí acadúla agus comhpháirtithe neamhacadúla, amhail tionscal agus rialtais. Is é an sprioc chomhroinnte atá acu na bacainní ar chruthú agus ar chúrsaíocht eolais laistigh den Aontas a bhaint, baic ar shaorchúrsaíocht na tallainne a bhaint, agus é a chur ar a gcumas do dhaoine gluaiseacht go héasca idir córais oideachais agus taighde agus an earnáil neamhacadúil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, rannchuideoidh mé, in éineacht leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht, chun fíorspás Eorpach a chruthú inar féidir le heolas, scileanna agus tallanna gluaiseacht gan bhac ar mhaithe le staidéar nó obair i mBallstáit eile. Thairis sin, leanfainn d'iarrachtaí chun naisc a thógáil idir an lucht acadúil. gnólachtaí agus earnálacha rialtais trí dhíriú ar thimpeallachtaí idirnasctha a chruthú, ar timpeallachtaí iad a spreagann an nuálaíocht, dul chun cinn agus deiseanna do chách.

I dtaca leis na hinstitiúidí ardoideachais, tá seasamh ar leith acu atá fite fuaite leis an oideachas, an taighde agus an nuálaíocht. Tá sé ríthábhachtach go n-oibreoidh ollscoileanna ar fud na hEorpa le chéile ar bhealach níos dlúithe, agus leis na hearnálacha príobháideacha agus poiblí. Tá an comhar idirnáisiúnta ina bhunriachtanas i dtaca leis na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá a thabhairt don ghlúin taighdeoirí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, na hinniúlachtaí agus na scileanna a theastaíonn ó shochaithe na hEorpa chun go mbeidh rath orthu i ndomhan atá níos idirnasctha ná riamh - mar shampla trí chéimeanna Eorpacha comhpháirteacha in earnálacha speisialaithe. Leis an gcéim Eorpach, éascófar comhthiomsú acmhainní agus saineolais, rud a thabharfaidh deis d'fhoghlaimeoirí rochtain a fháil ar scileanna agus eolas ceannródaíoch atá criticiúil in earnálacha atá ag teacht chun cinn amhail teicneolaíochtaí glasa agus tionscail dhigiteacha. Féachann formhór na n-ollscoileanna san Eoraip le saineolas a chomhthiomsú agus láidreachtaí comhlántacha nach bhfuil ar fáil in aon institiúid amháin a chomhcheangal chun na scileanna straitéiseacha sin atá dírithe ar an todhchaí a thabhairt do chéimithe agus d'fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil. Bhí sé sin ar cheann de na nithe ba mhó a spreag teacht chun cinn na 64 chomhghuaillíocht d'Ollscoileanna Eorpacha, i sineirge le gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie agus leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht.

Le tionscnaimh na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht amhail an Tionscnamh um an Tallann sa Domhainteicneolaíocht nó na hAcadaimh Scileanna, soláthraítear scileanna earnáilsonracha a bhfuil géarghá leo le haghaidh earnálacha tionsclaíocha criticiúla (Acadamh Ceallraí na hEorpa, Acadamh Grianfhuinnimh na hEorpa, an tAcadamh Amhábhar, an tAcadamh Ardábhar, agus an tAcadamh Fuinnimh Gaoithe).

Léiríonn Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie an chaoi a dtacaíonn sineirgí ar fud an ardoideachais agus an taighde le hoiliúint, scileanna agus forbairt ghairmréime, agus le soghluaisteacht taighdeoirí, rud lena gcumasaítear taighde agus nuálaíocht ardtionchair den scoth. Oibríonn siad sin i gcomhar le Erasmus+ chun tacaíocht ríthábhachtach a chur ar fáil don chéad ghlúin eile taighdeoirí, rud a chuireann an comhar idirearnálach idir gníomhaithe acadúla agus neamhacadúla chun cinn. Beidh éascú rannpháirtíocht na n-eolaithe ban sna gníomhaíochtaí sin ar cheann de phríomhghnéithe mo phlean chun tacú le mná sa taighde, sa nuálaíocht agus i ngnólachtaí nuathionscanta/gnólachtaí atá ag méadú.

Tá an chuimsitheacht agus an inrochtaineacht fós ina bpríomhthosaíocht dár n-earnálacha taighde agus ardoideachais. Is mian liom leanúint de thacaíocht a thabhairt do na spriocanna sin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí thacú leis an obair chun na comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha a neartú, comhghuaillíochtaí a bhfuil baint ag ollscoileanna ó gach cearn den Eoraip leo, lena n-áirítear ollscoileanna ó cheantair thuaithe agus ó na réigiúin is forimeallaí. Ina theannta sin, tá níos mó ná 30 ollscoil de chuid na hÚcráine bainteach leis na comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun an comhar le hollscoileanna ar fud an domhain a dhoimhniú, rud a chothóidh gníomhaíochtaí comhpháirteacha oideachais agus taighde. Trí chomhpháirtíochtaí láidre domhanda a thógáil, is féidir leis an Eoraip feabhas a chur ar an tionchar domhanda atá aici agus an tallann is fearr a mhealladh agus a choinneáil. Is réamhriachtanas é sin chun Eoraip níos rathúla a bhaint amach.